

Polasaí Maidir le Dáileadh Leighis

Coláiste Íde

Réamhráiteas

Is é an aidhm atá leis an bpolasaí seo ná eolas agus treoirínite a thabhairt do thuismitheoirí, daltaí agus foireann Choláiste Íde maidir le láimhseáil agus dáileadh leigheas i gColáiste Íde.

D'fheadfadh breoiteacht lena bhfuil cóir leighis le dáileadh óna dhochtúir/Ospidéal ag dalta, go mbeadh gá dalta a thabhairt le haghaidh cóir leighis de dheasca timpiste/breoiteacht obann ina mbeadh cóir leighis ón dochtúir/ospidéal, nó, go mbeadh gá ag dalta le cóir leighis thar an gcuntar. Is iad seo a leanas an cineál leigheas is a dháiltear de ghnáth.

1. Oideas Dochtúra – leigheas ar ordú dochtúra cláraithe atá le húsáid ag dalta ainmnithe ar an t-oideas amháin.
2. Leigheas Éigeandála – leigheas éigeandála chun beatha a shábháil, análóir múchadh, EPI Pen s.rl.
3. Leigheas-thar-an-gcuntar – leigheas gur féidir a cheannach gan oideas ó poitigéir nó siopa/ollmhargadh le treoracha ginearálta. Áirithe anseo bheadh Paracetamol, Ibuprofen, buidéal casachtach s.rl.

Tá dualgas agus freagracht ar thuismitheoir/caomhnóir an fhoirm “Cead Leigheas” a líonadh go cruinn go bliantúil, é a shíniú agus a sheoladh ar ais go dtí Coláiste Íde in am. Glacfar le cóip leictreonach sínithe i bhfoirm PDF chomh maith. Tá Coláiste Íde ag brath go hiomlán ar an t-eolas atá ar an bhfoirm chun sláinte sábháilteacht agus leas an dalta a chinntiú. Aontaíonn an thuismitheoir/caomhnóir go mbeidh air bhainistíocht/foireann an choláiste leigheas a dháileadh de réir an polasaí seo ar mhaithe le sláinte sábháilteacht an dalta.

4. Dáilfear leigheas de réir treoracha dochtúra/ospidéal i Seomra an Bhanaltra nó in Oifig na bhfeitheoirí.
5. Seiceálfar an leabhar “Cead Leighis” ag cinntiú go bhfuil cead an leigheas a dháileadh ar an dalta.
6. Dáilfear an leigheas de réir na treoracha an leighis nó treoracha dochtúra.
7. Coimeádfar taifead ar an ndáileadh.
8. Tá teacht ag an mbanaltra, feitheoirí, thuismitheoirí/caomhnóirí, dochtúir, ospidéal ar an dtaifead más gá chun cúram cuí a chuir ar dhalta.

Dáileann an Banaltra leigheas i Seomra an Bhanaltra. Tá cead dáileadh leighis ag Stiúrthóirí an Tí agus feitheoirí faoi threoir an fhoirm “Cead Leighis” agus faoi threoir dochtúra. Síníonn an dalta agus Stiúrthóirí an Tí / feitheoirí foirm leighis ag dearbhú; gur dáileadh an leigheas, cúis an dáileadh, an dáta, an t-am agus an dáileadh.

Dáileadh agus láimhseáil leigheas;

9. Tá dualgas ar thuismitheoirí a chinntiú nach bhfuil leigheas i seilbh dalta, caithfear gach leigheas a thabhairt don oifig agus eolas ábhartha a bhaineann leis. Tógfar nóta do na treoracha agus cinnteofar go bhfuil an leigheas áirithe ar an bhfoirm cead leighis.
10. Caithfear oideas a sholáthar sa bhuidéal/bosca/soitheach bunaidh le lipéid an phoitigéara. Ni ghlacfar le leigheas ó oideas múna bhfuil ainm an dalta, an leigheas, an dáileadh, an mhodh dáileachta, an minicíocht agus an dáta luaite go soiléir. Níl cead leigheas ó oideas a dháileadh nuair nach bhfuil an t-eolas seo ar fail.
11. Caithfear aon athrú ar oideas nó leigheas a chuir in iúil i scríbhinn don gColáiste láithreach.
12. Níl cead ag dalta leigheas a roinnt le dalta eile ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus leas gach dalta.
13. Tabharfar leigheas oidis nó leigheas éigeandála don ndalta ag dul abhaile ar mhaithe le leanúnachas an dáileadh le cead i scríbhinn ón thuismitheoir/caomhnóir.
14. Tabharfar aon leigheas nach bhfuil úsáidte ar ais do thuismitheoir/caomhnóir ag deireadh an téarma.
15. Faoi forálacha Acht Um Mhí-úsáid Drugaí, caithfear leigheas a bheith faoi ghlas i gcónaí.